


Innealtóireacht NPI

Déanann Aran Biomedical dearadh, forbairt agus déantúsú ar fheistí leighis in-ionphlandaithe, mar pháirtí seachfhoinsithe do chuid mhór de na cuideachtaí ceannródaíocha feistí leighis domhanda. Lenár bhfócas ar theicneolaíocht nuálach agus ár saineolas ar bhithábhair, cothaítear cultúr fuinniúil a sheachadann réitigh in-ionphlandaithe den chéad ghlúin eile. Tá saoráid Aran Biomedical suite le hais Shlí an Atlantaigh Fhiáin sa Spidéal ag breathnú amach ar Chuan na Gaillimhe agus níl sé ach 20 nóiméad as Gaillimh ag taisteal i gcarr. Agus muid ag fás agus ag méadú ár saoráidí go leanúnach, tá muid ag lorg daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu chun a teacht chugainn agus dul ar ár bhfoireann.



Tá gá le hiarrthóir cruthaithe a mbeidh cúlra aige/aici in aistriú tráchtála ar dhearaí táirgí nuálacha taobh istigh de thionscal feistí leighis atá rialaithe ag GMP/FDA/ISO. Caithfidh taithí 3 bliana ar a laghad a bheith ag na hiarrthóirí in aistriú táirgí agus córais phacála ó reo an dearaidh go dtí an cáiliú go dtí an déantúsaíocht tráchtála. Mar gheall ar an bhfás iontach atá tagtha ar an riar de tháirgí/teicneolaíocht nua atá ag teacht chun cinn, beidh an té a n-éireoidh leis/léi i dteagmháil go mór le foirne ilréimsiúla NPI (tionscnamh táirgí nua) a bhféadfadh T&F, innealtóireacht déantúsaíochta, cothabháil, EH&S, innealtóireacht ardchaighdeán agus feidhmeanna slabhra soláthair a bheith i gceist leo. Oibreoidh an té a roghnófar mar chuid d'fhoireann chun cáilíocht / feidhmíocht / caighdeán sábháilteachta a fhorbairt agus a chothabháil ar na táirgí ionphlandaí go léir a bheidh sannta. Tuairisceoidh an duine sin don Bhainisteoir NPI, beidh an post dúshlánach, beifear ag déileáil leis na dearaí táirgí ionphlandaí Leibhéal1 is nua atá ag an gcuideachta agus caithfear a bheith in ann oibriú go neamhspleách.

Dualgais agus Freagrachtaí

- Cuidiú leis na foirne Tionscnaimh Táirgí Nua (NPI) trí ionchur lárnach a dhéanamh i
 - Scálú, forbairt, agus bailíochtú táirgí agus pacáistíochta.
 - Soláthar trealaimh agus leagan amach na saoráide.
 - Pleanáil tosaigh acmhainne agus riachtanais na n-oibritheoirí táirgthe a aithint.
 - Nósanna imeachta maidir le táirgeadh agus Cáilíocht a fhorbairt.
 - Ábhar a fhoinsiú agus a sholáthar, lena n-áirítear ionchur cáilíochta soláthróirí, dearadh do dhéantúsaíocht agus forbairt ar dhearadh/leagan amach táirgí.

- Úinéireacht a ghlacadh ar fheidhmiú leaganacha den phróiseas a bhaineann le cáiliú agus tástáil.
- Úinéireacht a ghlacadh ar ghiniúint, fheidhmiú agus thuairisciú na bprótacal IQ, OQ, PQ.
- Tionscain, cothabháil, nuashonrú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméadú a bhaineann le déantúsaíocht, cáilíocht agus innealtóireacht de réir mar is gá – mar aon le tiomáint agus athbhreithniú a dhéanamh ar thograí Fógraí Athraithe Innealtóireachta (ECN).
- Cuidiú le hoiliúint na foirne tógála táirgí i dtaca le tascanna lárna oibríochtúla.
- Feidhm a bhaint as cur chuige ilrannach chun fadhbanna a réiteach ina mbeidh cead cainte ag gach duine in Aran Biomedical agus a mbeidh meas orthu as a n-ionchur i dtiomáint athbhreithnithe ar anailís ar phríomhchúiseanna.
- Gach iarracht a dhéanamh i gcónaí na caighdeáin a bhfuil ár gcustaiméirí ag súil leo a bhaint amach nó cur leo.
- EH&S saoráide, leagan amach nó tionscadail choigilteacha ar fhuinneamh a dhéanamh de réir mar is gá.
- Foirne a chomhardú agus a bhainistiú chun cloí le cáilíocht inmheánach agus seachtrach (custaiméir), tiomantais amlíne agus buiséid i dtaca le dearáí táirgí agus pacáistithe a aistriú isteach ina bpróisis iomlána cáilithe déantúsaíochta tráchtála.
- Feidhm a bhaint as prionsabail an *Lean and Six Sigma* in aithint agus i bhfeidhmiú na réimsí barrfheabhais d'fheabhsú na n-oibríochtaí déantúsaíochta.
- Beidh nascadh láidir á dhéanamh leis an rannóg Dearbhaithe Cáilíochta chun tacú leis na riachtanais Rialála agus Comhlíontachta a bhíonn ag eagraíocht ISO13485.
- Cinntí oiriúnacha a dhéanamh go laethúil, ag úsáid an Bhainisteora NPI agus ionadaithe Innealtóireachta Sinsearach (NPI, Oibríochtaí, Cáilíocht) de réir mar is gá.
- Dualgais ghaolmhara eile a chomhlíonadh, de réir mar a shannfar iad.

Eochair-riachtanais don ról

- Ag tuairisciú don Bhainisteoir NPI, caithfidh an té a roghnófar cuntas teiste rathúlachta a bheith aige/aici i dtimpeallacht déantúsaíochta do chuideachta feistí leighis, céim san Innealtóireacht nó i réimse gaolmhar, agus taithí 3 bliana i ról innealtóireachta feistí leighis.
- Caithfidh an té sin a bheith ard-spreagtha agus paiseanta faoi fhorbairt táirgí nua agus scileanna láidre doiciméadaithe, labhartha, agus caidrimh idirphearsanta a bheith aige/aici.
- Caithfidh an duine a bheith an-chumasach i dtaca le prionsabail dheartha Feistí Leighis agus roghnú ábhar, mar aon le heolas a bheith aige/aici ar FMEA, TMV, MVP, IQ/OQ/PQ agus bailíochtú bogearraí.
- Ní mór don té sin scileanna maithe anailíseacha a bheith aige/aici agus cur chuige teagmhálach.
- Bheadh taithí ar bhainistíocht tionscadail inmheánaithe.